


# Ag na Rásaí

Chuaigh an chlann go léir go dtí na rásaí Domhnach na Cásca. I bpáirc mhór míle ón mbaile a bhí na rásaí ar siúl. Thiomáin Daidí an carr isteach sa pháirc. Chonaic na páistí go raibh an áit **plódaithe le daoine.** **Bhí bothanna** agus **pubaill** mórthimpeall na páirce. Bhí fir agus mná ag díol torthaí, milseán agus deochanna. Cheannaigh Nóra uachtar reoite ó fhear i veain. Chuaigh Liam agus Tomás in airde ar na **báid luascáin.** I mboth amháin bhí fear ag díol ticéad. Cheannaigh Mamaí ticéad uaidh. Nuair a bhí na ticéid go léir díolta aige chuir sé roth mór **ar casadh.** Nuair a stad an roth ag uimhir amháin bhí an bua ag Mamaí. Bhuaigh sí **foireann gréithe.**
Theastaigh ó Dhaidí na **capaill ráis** a fheiceáil agus shiúil siad go léir go dtí **clós na gcapall.** Bhí slua mór ag breathnú ar na capaill ag siúl thart timpeall an chlóis. Bhí na **geallghlacadóirí** ina seasamh ar bhoscaí adhmaid. Bhí siad ag béicigh **in ard a gcinn is a ngutha.** Chonaic Liam ainmneacha na gcapall ar chlár taobh thiar de na geallghlacadóirí. Chuir Daidí geall ar an gcapall "Sí Gaoithe". Ní raibh ach caoga pingin ag Liam agus chuir sé geall **ar an gcapall "Cnoc an Óir".** Rith siad go dtí an líne thosaithe. Bhí na marcaigh agus na capaill go léir **ullamh chun gluaiste.**
**As go brách** leo ag gabháil thar claí agus thar páirc. D'imigh siad as radharc ar feadh tamaill. Thosaigh an slua ag béicigh nuair a chonaic siad na capaill ag teacht go deireadh an chúrsa.
Ag ceann sprice bhí an bua ag "Sí Gaoithe". Thit "Cnoc an Óir" nuair a bhí sé ag léim thar chlaí. Bhí díomá ar Liam ach thug Daidí airgead dó arís.

## A. Foclóir

**plódaithe,** thronged
**bothanna,** stalls
**pubaill,** tents
**báid luascáin,** swinging-boats
**geallghlacadóirí,** bookmakers
**ceann sprice,** finishing post

## B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cathain a bhí na rásaí ar siúl?
   — roimh an Nollaig.
   — le linn an tsamhraidh.
   — Domhnach na Cásca.
2. Cén fáth a ndeachaigh an chlann go dtí clós na gcapall?
   — chun capall a cheannach.
   — chun na capaill ráis a fheiceáil.
   — chun labhairt leis na marcaigh.
3. Cad a bhí á dhéanamh ag na geallghlacadóirí?
   — Bhí siad ag canadh.
   — Bhí siad ag ól.
   — Bhí siad ag béicigh in ard a gcinn is a ngutha.

## C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Bhí fir agus mná ag díol torthaí - - -.
2. Chuaigh Liam agus Tomás in airde ar - -.
3. Bhuaigh Mamaí - -.
4. Chonaic Liam ainmneacha na gcapall ar - -.
5. **As go brách leo ag gabháil thar - - - -.**

## D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. I bpáirc mhór míle ón mbaile.
2. Thiomáin Daidí an carr isteach sa pháirc.
3. Cheannaigh Mamaí ticéad uaidh.
4. Bhí na capaill ráis ag siúl mór-thimpeall an chlóis.
5. Thit sé nuair a bhí sé ag léim thar chlaí.

## E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a bhí le feiceáil ag na páistí nuair a shroich siad páirc na rásaí?
2. Cad a cheannaigh Nóra?
3. Conas a bhuaigh Mamaí foireann gréithe?
4. Cad air a raibh na geallghlacadóirí ina seasamh?
5. Cad a rinne Liam lena chuid airgid?
6. Cén fáth ar chaill sé é?
7. Cé bhuaigh an rás?

## Gramadach 22

1. "Bhí **siad** ag béicigh in ard a gcinn is a ngutha."
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, Tomás, Nóra.)
2. "Bhí na **geallghlacadóirí ina seasamh** ar bhoscaí adhmaid."
   (mise, tusa, ise, eisean, sinne, sibhse, Seán, Cáit.)